

Cad is iniúchadh dramhaíola ann

Is modh é iniúchadh dramhaíola chun measúnú a dhéanamh ar an dramhaíl a tháinig ag do chlub, trí mhéid iomlán na dramhaíola a ghintear a mheas, trí na cineálacha éagsúla dramhaíola a shainaithint (páipéar, plaisteach, bia srl.) agus a gcainníochtaí. Tabharfaidh iniúchadh deis do do chlub rátaí athchúrsála agus diúscartha a chur i gcomparáid agus léireoidh sé na deiseanna feabhsúcháin atá ann. Is bealach iontach iad iniúchtaí dramhaíola chun bunlíne a fháil maidir le cá bhfuil do chlub agus cad iad na spriocanna atá réalaíoch maidir le dramhaíl a chosc agus a athchúrsáil.

Cathain is cóir iniúchadh dramhaíola a dhéanamh

Ba chóir iniúchadh dramhaíola a dhéanamh ag tús do chosáin chuig an inbhuanaitheacht agus ó am go ham ina dhiaidh sin. Léireoidh na sonraí a bhaileofar an staid reatha agus soláthróidh siad tagarmharc don chlub ar féidir dul chun cinn a thomhas ina choinne.



IS FÉIDIR AN INIÚCHADH DRAMHAÍOLA A ATHDHÉANAMH GO TRÉIMHSIÚIL MAR UIRLIS ÉIFEACHTÚIL CHUN MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT A DHÉANAMH AR DUL CHUN CHINN DO CHLUB

Ullmhúchán Iniúchta



Déan Foireann Glas

Sainaithin foireann iniúchta ó bhaill an chlub agus oibrithe deonacha.



Measúnú riosca

Déan measúnú riosca ar an ngníomhaíocht



Iarr sonraí

Iarr sonraí dramhaíola bliantúla ó do bhailitheoir dramhaíola, lena n-áirítear cainníochtaí dramhaíola in-athchúrsáilte, bia agus dramhaíl ghinearálta.



Bailigh dramhaíl i málaí trédhearcacha

Socraigh do bhailiúchán dramhaíola don iniúchadh trí úsáid a bhaint as málaí trédhearcacha le haghaidh gach sruth dramhaíola sa tsaoráid iomlán, lena n-áirítear, nuair is cuí, tailte, seomraí feistis, oifigí, ceaintín srl.



Cuir lipéad ar gach mála

Cinnteidh sé seo gur féidir leat an limistéar as ar tháinig an dramhaíl a shainaithint.



Cothromaigh an suirbhé

Déan an t-iniúchadh ar rogha dramhaíola. Tabharfaidh iniúchadh 25% léiriú maith - Mála amháin as gach 4. Roghnaigh cé mhéad mála atá le hiniúchadh agus cinntigh go bhfuil sampla maith agat do ar gach réimse den eagraíocht, i.e. oifigí, faichí, seomraí feistis, ceaintín srl.

Seicliosta Trealaimh

Cinntigh go bhfuil na hábhair seo a leanas agat chun iniúchadh a dhéanamh:



Measúnú a dhéanamh ar a bhfuil sna araidí lena n-iniúchadh



Bí cúramach

Déan measúnú
amhaire ar gach mála
agus bain aon rudaí
contúirteacha agus
málaí meáite.



Sórtáil an dramhaíl

Cuir a bhfuil i mála amháin
dramhaíola ag an am céanna ar an
leathán talún. Sórtáil é sna 9 gcineál
dramhaíola éagsúla a thaispeántar ar
an mbileog taifeadta - féach leis seo.



Taifead agus meáigh

Sórtáil an dramhaíl ina
gabhdáin agus meáigh
agus taifead ar an
leathán taifeadta.



Nuair a chríochnaigh

Déan gach dramhaíl
agus ábhar inathchúrsáilte
a dhiúscairt ar an
ngnáthbhealach.

Anailís sonraí ón iniúchadh

1

Ríomh iomláin

Tar éis an athbhreithnithe ríomh, bunaithe
ar thorthaí, na hiomláin dramhaíola
réamh-mheasta laethúla, seachtainiúla
agus bliantúla agus cairt ina kg agus sa %
araon do dhramhaíl ghinearálta agus in-
athchúrsáilte. Féach ar an mbileog taifeadta.



3

Plean gníomhaíochta a fhorbairt


Bunaithe ar thorthaí iniúchta dramhaíola,
forbair Plean Gníomhaíochta chun díriú ar
chosc agus ar athchúrsáil dramhaíola.
Chun treoir a fháil faoi seo, bain úsáid as
na treoracha atá ar fáil do clubanna agus
eagraíochtaí spóirt.



2

Réimsí fadhbanna ar bith atá le feabhsú a aithint

Mar shampla, má tá cainníochtaí Plaistigh Úsáide Aonair &
dramhaíl ghinearálta ard, agus má tá rátaí athchúrsála íseal, is
féidir feabhsuithe suntasacha a dhéanamh.



Léiríonn an sampla thuas gurb iad páipéar, cairtchlár, dramhaíl
bia agus plaisteach docht an méid dramhaíola is mó ó
iniúchadh. Cad iad na bearta a d'fhéadfadh laghdú a
dhéanamh ar dhramhaíl dá leithéid, dar leat? An bhfuil dramhaíl
páipéir neamhriachtanach in oifigí? An mbíonn go leor bia
fágtha ag imeachtaí? Is féidir go dtiocfaidh freagraí
ar na ceistanna seo nuair a bheidh plean á fhorbairt agat.

Waste Audit Data Collection Sheet

Líon Iomlán na Málaí a Úsáideadh le haghaidh Iniúchta:		Iomlán Líon Iomlán na Málaí a Bailíodh le haghaidh Iniúchta:		Dáta:	
Abhair	Cainníocht Foriomlán KG	kgs Aitheanta sa Sruth Athchúrsála	Aitheanta sa Sruth Athchúrsála	kgs Aitheanta sa Sruth Ginearálta	Aitheanta i Sruth Ginearálta
 Páipéar					
 Cairtchlár					
 Plaisteach docht					
 Plaisteach Bog					
 Miotail					
 Dramhaíl Bia					
 Tetra Pak					
 Gloine					
 Eile					